Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10245/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0181(NLE)**

**SCH-EVAL 38**
**DATAPROTECT 112**
**COMIX 181**
***NO***
***IS***
***CH***
***EP***
***LI***
***PARLNAT***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9770/25 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Danmhairg maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 a rinneadh ar an Danmhairg maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2025.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**IARSCRÍBHINN**

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Danmhairg maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um meastóireacht agus cur chun feidhme Schengen[1], go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse na cosanta sonraí i leith na Danmhairge i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)4100 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil an 24 Iúil 2024 ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais, na réimsí atá le feabhsú agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Mheas an fhoireann ar an láthair gur dea-chleachtais de chuid údaráis inniúla na Danmhairge iad na nithe seo a leanas: na hiarrachtaí fairsinge atá á ndéanamh ag Acadamh Póilíneachta na Danmhairge agus ag Póilíní Náisiúnta na Danmhairge (PND) chun oiliúint cosanta sonraí a chur ar fáil agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta a dhéanamh don fhoireann; an tábhacht a chuireann PND ar chosaint sonraí tríd an Aonad Cosanta Sonraí a chur ar leibhéal suntasach i struchtúr eagraíochtúil PND chomh maith le hambasadóirí cosanta sonraí a bheith aige i gceantair phóilíneachta agus san Aonad Náisiúnta Speisialta um Choireacht; go bhfuil próisis i bhfeidhm ag PND chun faireachán a dhéanamh ar bhagairtí seachtracha ar an tslándáil agus go raibh bonneagar PND á chosaint go gníomhach aige ar aon riosca a bhaineann le dul isteach neamhúdaraithe; go gcuirfear oiliúint maidir le cosaint sonraí pearsanta ar fáil don fhoireann áitiúil i bpoist chonsalacha; an chaoi a ndearna bainistiú agus fíordheimhniú rochtana an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) a láimhseáil agus go bhfuil cearta rochtana VIS teoranta agus faoi réir athbhreithnithe rialta; rialú fairsing loga VIS MII á dhéanamh ag uirlis bogearraí uathoibrithe (Sherlock) chun teagmhais a bhrath sna comhaid loga; go gcuirtear faisnéis ghinearálta ar fáil i nDanmhairgis agus i mBéarla ar shuíomh gréasáin ÚCS maidir leis an nós imeachta eisiúna víosaí agus go háirithe go bhfuil míniú nuashonraithe ann maidir le leasuithe Rialachán VIS is infheidhme ón 3 Lúnasa 2022.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an Danmhairg chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 4 agus 7 a leagtar amach sa Chinneadh seo.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, ba cheart don Chomhairle an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[2] amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann le tuarascálacha meastóireachta agus moltaí, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir leis an rialachán sin.

(6) Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don Danmhairg, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Danmhairg an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

---

2 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

AG MOLADH LEIS SEO

Gur cheart don Danmhairg, maidir leis an méid seo a leanas:

**An tÚdarás Cosanta Sonraí**

1. a áirithiú nach mbrisfear Ard-Stiúrthóir an Údaráis um Chosaint Sonraí (DPA) as a phost nó as a post ach amháin ar na cúiseanna a leagtar síos in Airteagal 53(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[3] agus in Airteagal 43 (4) den Treoir maidir le Cosaint Sonraí i bhForfheidhmiú an Dlí[4];

2. a áirithiú gur cheart cigireachtaí ar Bhiúró SIRENE agus ar sheomra freastalaí N.SIS a chumhdach freisin le gníomhaíochtaí maoirseachta an ÚCS ar Chóras Faisnéise Schengen (SIS);

3. a áirithiú go ndéanfaidh ÚCS cigireacht freisin ar níos mó údarás úsáideoirí deiridh SIS ar bhonn rialta lena n-áirítear seiceálacha loga;

4. a áirithiú go ndéanfaidh ÚCS iniúchtaí N.SIS amach anseo laistigh de thimthriall 4 bliana;

5. a áirithiú gur cheart cigireachtaí ar an Aireacht Gnóthaí Eachtracha a chumhdach freisin le gníomhaíochtaí maoirseachta VIS a dhéanann ÚCS, chomh maith le cigireachtaí ar sheomraí freastalaí VIS náisiúnta.

6. a áirithiú go ndéanfaidh ÚCS cigireachtaí ar níos mó údarás úsáideoirí deiridh VIS lena n-áirítear poist chonsalacha ar bhonn rialta lena n-áirítear seiceálacha loga.

7. a áirithiú go ndéanfaidh ÚCS iniúchtaí N.VIS amach anseo laistigh de thimthriall 4 bliana;

**Córas Faisnéise Schengen**

8. a áirithiú go ndéanfar rialú SIS, lena n-áirítear an rialú comhpháirteach, a shoiléiriú agus a leagan síos go leordhóthanach;

9. feabhas a chur ar rialuithe loga SIS trí úsáid a bhaint as rialú uathoibríoch loga freisin;

10. a áirithiú go bhforbróidh an PND plean foirmiúil freagartha do theagmhais chun treoirlínte soiléire a chur ar fáil maidir le conas freagairt i gcás sárú nó cibeartheagmhas agus go ndéanfar an próiseas sin a thástáil go rialta;

---

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) – IO L 119/1 an 4.5.2016, lch. 1.

[4] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

**An Córas Faisnéise Víosaí**

11. a áirithiú go ndéanfaidh MII agus Aireacht Gnóthaí Eachtracha meastóireacht ar a bpleananna tubaiste agus téarnaimh;

12. a áirithiú go n-áireoidh MII tástáil treáite, nó modh tástála coibhéiseach, ina athmheasúnú bliantúil ar anailís riosca agus leochaileachta ar bhonn rialta agus más gá mar gheall ar athrú ar an riosca a bhaineann le hoibríochtaí próiseála;

13. a áirithiú go ndéanfaidh an Aireacht Gnóthaí Eachtracha a mheas uirlis bogearraí uathoibrithe a chur chun feidhme chun teagmhais a bhrath ina chomhaid loga UM-VIS;

14. a áirithiú go ndéanfar faireachán le teilifís ciorcaid iata ar sheomra an fhreastalaí agus ar na doirse iontrála chuig seomra freastalaí na hAireachta Gnóthaí Eachtracha;

**Feasacht an phobail agus Cearta na n-ábhar sonraí**

15. a áirithiú go mbeidh pointe teagmhála aonair ann d'iarrataí ó ábhair sonraí SIS agus VIS lena gcomhordófaí cúraimí na n-údarás éagsúil;

16. feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Fhilleadh maidir leis an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh i ndáil le foláirimh Airteagal 24 SIS II agus í a sholáthar freisin i dteanga eile seachas an Danmhairgis e.g. i mBéarla;

17. a áirithiú go soláthrófar faisnéis ag an tseiceáil teorann dara líne ag an aerfort maidir le críocha sonraí pearsanta a phróiseáil in SIS agus VIS, maidir le cearta na n-ábhar sonraí agus i gcás inar féidir le hábhar sonraí gearán a thaisceadh;

18. leanaí a chur ar an eolas ar bhealach a oireann dá n-aois, lena n-áirítear trí uirlisí amhairc a úsáid chun míniú a thabhairt ar an nós imeachta maidir le méarloirg a thógáil, mar a cheanglaítear le hAirteagal 37(2) de Rialachán VIS.

19. a áirithiú go nuashonróidh an Aireacht Gnóthaí Eachtracha a litir chumhdaigh arna giniúint ar shuíomh gréasáin an iarratais ar víosa ar líne (ApplyVisa) chun leasuithe VIS is infheidhme ón 3 Lúnasa 2022 a léiriú, go háirithe chun a shoiléiriú go ndeonaítear ceart chun srian a chur le próiseáil d'ábhair sonraí freisin;

20. a áirithiú go soláthróidh an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus an Bord Achomhairc Inimirce litir mhionsamhlach shonrach le haghaidh iarrataí na n-ábhar sonraí;

21. a áirithiú go gcuirtear in iúl ar shuíomh gréasáin ÚCS go bhfuil cead ag ábhair sonraí dul díreach chun na cúirte i gcoinne chinneadh an rialaitheora.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*